2025/682

9.4.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/682 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Aibreán 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí an bhia núíosaigh púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L.

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus atá curtha ar liosta an Aontais a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta an Aontais de bhianna núíosacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]).

(3) Áirítear púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L. mar bhia núíosach údaraithe i liosta an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/120 ón gCoimisiún ([3]) údaraíodh púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L. a chur ar an margadh mar bhia núíosach lena úsáid i roinnt bianna.

(5) An 19 Deireadh Fómhair 2023, chuir an chuideachta Ferm Food ApS ('an t-iarratasóir') iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 ar athrú ar shonraíochtaí an bhia núíosaigh púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L. D'iarr an t-iarratasóir leibhéil na bpróitéiní agus na lipidí a laghdú, agus leibhéil na gcarbaihiodráití iomlána, an tsnáithín iomláin, na taise agus na luatha sa phúdar deiridh a mhéadú.

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/2283/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/2470/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/120 ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2021 lena n-údaraítear púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L. a chur ar an margadh mar bhia núíosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún (IO L 37, 3.2.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/120/oj).

(6) Thug an t-iarratasóir údar lena iarraidh modhnú a dhéanamh ar shonraíochtaí an bhia núíosaigh, modhnú a bhaineann le hathrú ar roinnt paraiméadar comhdhéanaimh. Maidir leis na modhnuithe a iarradh ar na sonraíochtaí, thug an t-iarratasóir le fios go bhfuil sainmhíniú níos leithne ar shaintréithe/comhdhéanamh an bhia núíosaigh i gceist leo agus leis na modhnuithe sin, agus leis na modhnuithe sin bheadh lamháil ann do luaineachtaí i dtáirgeacht san Aontas, i dtáirgeadh agus i modhanna brúite muilinn ola. Chomh maith leis sin, leis na hathruithe atá beartaithe, d'fhéadfaí *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L. a úsáid ó bhuaint an gheimhridh agus ó bhuaint an earraigh araon agus, dá bhrí sin, mhéadófaí soláthar amhábhar agus táirgeadh féideartha púdair síl ráibe atá díshaillte go páirteach le haghaidh bia. Go háirithe, leis an laghdú ar an leibhéal is ísle próitéine ó 33 % go 28 %, d'fhéadfaí cur leis an soláthar amhábhair agus leis an bhféidearthacht níos mó cácaí síl ráibe le haghaidh beatha a phróiseáil ina mbia. Ós rud é go n-éilíonn an margadh bianna ar bheagán saille, dá laghdófaí an leibhéal is ísle lipidí ó 14 % go 10 % d'fhéadfadh púdar síl ráibe níos oiriúnaí a bheith ann mar chomhábhar bia. Thairis sin, dá méadófaí an t-uasleibhéal taise ó níos lú ná 7 % go dtí níos lú ná 11 %, d'fhéadfaí teicneolaíochtaí níos éifeachtúla a cheadú, rud a d'fhágfadh go mbeadh próiseas triomúcháin nó cobhsúcháin ann nach mbeadh an oiread céanna éilimh ar fhuinneamh i gceist leis, rud a laghdódh lorg carbóin foriomlán mhionchoigeartú chácaí síl ráibe le haghaidh bianna. Ina theannta sin, toisc nach bhfuil aon athrú ar an teorainn sárocsaíde shonraithe, ní mhéadaíonn an riosca ocsaídiúcháin leis an méadú molta ar thaise. Thug an t-iarratasóir údar lena iarraidh freisin trína lua nach ndéanann an laghdú a iarradh ar leibhéil na bpróitéiní agus na lipidí, agus an méadú ar leibhéil na gcarbaihiodráití iomlána, an tsnáithín iomlán, an taise agus an luaith sa phúdar deiridh, nach ndéanann an laghdú sin difear do shábháilteacht an bhia núíosaigh.

(7) Sa bhreis ar inathraitheacht an amhábhair, is mar thoradh ar athruithe sa phróiseas táirgthe a dhéantar modhnuithe atá beartaithe ar na sonraíochtaí bia núíosaigh. I bpróiseas Ferm Food ApS, ceannaítear an cáca síl ráibe atá díshaillte go páirteach cheana féin ó tháirgeoirí ola síl ráibe an Aontais, iompraítear é chuig láithreán táirgthe Ferm Food ApS, agus déantar é a choipeadh le meascán de bhaictéir aigéid lachtaigh. Ní áirítear leis an bpróiseas sin céimeanna níocháin, scagacháin, lártheifneoirithe nó aigéadaithe mar a thuairiscítear i dtuairim eolaíoch ón Údaráis um Shábháilteacht Bia ([4]) ('an tÚdarás'). Is é aigéad lachtach an táirge dramhaíola de choipeadh baictéir aigéid lachtaigh.

(8) Measann an Coimisiún maidir leis an nuashonrú a iarradh ar liosta an Aontais i ndáil leis an athrú ar shonraíochtaí púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L, nach mbeidh tionchar ag an nuashonrú sin ar shláinte an duine agus nach gá don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') meastóireacht sábháilteachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2015/2283. Athruithe ar an bpróiseas táirgthe, inathraitheacht an amhábhair agus athruithe ar leibhéil na bpróitéiní, na lipidí, na gcarbaihiodráití iomlána, an tsnáithín iomlán, an taise agus an luaith, ní dhéanann na hathruithe sin difear do shábháilteacht an bhia núíosaigh mar a mheas an tÚdarás agus ní athraíonn siad conclúidí an Údaráis a thacaigh leis an údarú tosaigh.

(9) Is leor an foras atá le fáil san fhaisnéis a sholáthraítear san iarratas chun a shuí go bhfuil na hathruithe ar shonraíochtaí an bhia núíosaigh i gcomhréir le coinníollacha Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2015/2283 agus gur cheart iad a fhormheas.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([4]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2020;18(7):6197.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Aibreán 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

I dTábla 2 (Sonraíochtaí) san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L.:

Bia Núíosach Údaraithe	Sonraíocht
'Púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L.	**Sainmhíniú:** Déantar an púdar a tháirgeadh ó shíolta atá díshaillte go páirteach ó shaothróga 'nialas dúbáilte' (00) *Brassica Rapa* L. agus *Brassica napus* L. neamh-ghéinmhodhnaithe trí shraith céimeanna próiseála chun glúcóisínealáití agus fíotáití a dhí-ocsaidiú. Foinse: Síolta *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L. **Saintréithe/Comhdhéanamh:** Próitéin (N × 6,25): 28,0 – 43,0 % Lipidí: 10,0 – 22,0 % Iomlán na gCarbaihiodráití (*): 33,0 – 45,0 % Iomlán an tSnáithín (**): 33,0 – 46,0 % Taise: < 11,0 % Luaith: < 8,0 % Iomlán na nGlúcóisínealáití: < 0,3 mmol/kg (≤ 120 mg/kg) Fiotáit: < 1,5 % Luach sárocsaíde (i meáchan bia núíosaigh): ≤ 3,0 mEq O_2/kg **Miotail Throma:** Luaidhe: < 0,2 mg/kg Arsanaic (neamhorgánach): < 0,2 mg/kg Caidmiam: < 0,2 mg/kg Mearcair: < 0,1 mg/kg Alúmanam: < 35,0 mg/kg **Critéir mhicribhitheolaíocha:** Áireamh iomlán coilíneachtaí (30 °C): < 5 000 ADC/g Enterobacteriaceae: < 10 ADC/g Salmonella spp.: Diúltach/25 g Giosta agus múscán: < 100 ADC/g Bacillus cereus: < 100 ADC/g (*) De réir difríochta: 100 % – [% próitéin + % taise + % saille + % luaith] (**) AOAC 2011.25 (Modh meá-mhéadrach einsímeach) ADC: Aonaid Déanta Coilíneachta, AOAC: Comhlachas na gCeimiceoirí Oifigiúla Talmhaíochta'